Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12497/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0248(NLE)**

**PECHE 325**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 422 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta faoin bPrótacal lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (2022-2026) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 422 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 422 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 16.9.2022
COM(2022) 422 final

2022/0248 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta faoin bPrótacal lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (2022-2026)

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

# 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

## • Forais agus cuspóirí an togra

Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís an 21 Nollaig 2012 agus tháinig sé i bhfeidhm an 28 Eanáir 2014 ar feadh tréimhse 6 bliana. Tugtar cothrom le dáta é go hintuigthe, agus dá bhrí sin tá sé fós i bhfeidhm. Leis an bPrótacal is déanaí maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh, cumhdaíodh tréimhse 4 bliana ón dáta a cuireadh i bhfeidhm go sealadach é, i.e. ón dáta ar síníodh é. Síníodh é an 8 Nollaig 2017 agus chuaigh sé in éag an 7 Nollaig 2021.

Comhaontaíodh síneadh 6 mhí a chur leis an bPrótacal i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Oileán Mhuirís, agus síníodh é an 5 Aibreán 2022.

Ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ábhartha[1], chuaigh an Coimisiún i mbun caibidlíochta le hOileán Mhuirís maidir le Prótacal nua a ghabhfadhleis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Oileán Mhuirís a thabhairt i gcrích. Tar éis na caibidlíochta sin, cuireadh inisealacha le Prótacal nua an 7 Bealtaine 2022.

Leis an bPrótacal nua, cumhdaítear tréimhse 4 bliana ó dháta an iarratais shealadaigh a leagtar síos in Airteagal 18 de, is é sin dáta a shínithe ag an dá pháirtí.

Is é is cuspóir don togra seo na deiseanna iascaireachta a leithdháileadh ar Bhallstáit leasmhara an Aontais.

## • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is é is príomhaidhm don Phrótacal nua creat nuashonraithe a chur ar fáil lena gcuirfear san áireamh tosaíochtaí an chomhbheartais iascaigh athchóirithe agus a ghné sheachtrach. Cuideoidh sé sin le leanúint den chomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus Oileán Mhuirís agus í a neartú. Cuirfidh an Prótacal nua ar a gcumas oibriú ar bhealach níos dlúithe, chun leas an dá pháirtí, chun beartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn, i gcomhréir leis an gcuspóir acmhainní bitheolaíocha muirí a aithnítear faoi dhlí an Aontais a chaomhnú, acmhainní iascaigh in uiscí Oileán Mhuirís a shaothrú ar bhealach fónta, agus iarrachtaí Oileán Mhuirís a gheilleagar inbhuanaithe aigéin a fhorbairt. Cuideoidh an comhar sin freisin le dálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn in earnáil an iascaigh.

Leis an bPrótacal nua, cuirtear deiseanna iascaireachta ar fáil do shoithí an Aontais in uiscí Oileán Mhuirís. Tá sé sin bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus ar na moltaí a rinne an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh, an eagraíocht réigiúnach iascaigh a bhainistíonn stoic éisc mhórimirceacha, i gcás inarb infheidhme laistigh de theorainneacha an bharrachais atá ar fáil. Bhun an Coimisiún a sheasamh i bpáirt ar thorthaí meastóireachta a rinneadh ar an bPrótacal roimhe seo (2017-2021), agus ar mheasúnú réamhbhreathnaitheach maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart Prótacal nua a thabhairt chun críche. Is saineolaithe seachtracha a thug faoin bpéire acu.

[1] Arna ghlacadh ag an 3813ú cruinniú den Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás) an 28.9.2021. https://www.consilium.europa.eu/media/52134/st12320-en21_edited.pdf

Déantar foráil sa Phrótacal maidir leis na deiseanna iascaireachta seo a leanas:

- 40 soitheach peas-saighne;

- 45 bhád spiléireachta dromchla

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an chaibidlíocht maidir le Prótacal nua ina cuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais i dtaca le tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin agus cuirtear san áireamh léi, go háirithe, cuspóirí an Aontais maidir le prionsabail dhaonlathacha agus cearta an duine a urramú.

Is páirtithe iad an tAontas agus Oileán Mhuirís sa Chomhaontú Eatramhach a síníodh an 29 Lúnasa 2009. Leis an gComhaontú sin bunaíodh creat do Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir Stáit Oirthear agus Dheisceart na hAfraice ar thaobh amháin, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar an taobh eile. Tá an chaibidlíocht maidir le Prótacal nua i gcomhréir le CCE, lena ndéantar foráil maidir le comhar idir na Páirtithe i ndáil letrádáil agus forbairt iascaigh, lena gcumhdaítear iascaigh mhuirí, iascaigh intíre agus an dobharshaothrú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é an bunús dlí Airteagal 43(3) de CFAE, lena mbunaítear go nglacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, bearta maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi chuimsiú inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach leis an gcuspóir creat rialachais dlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta atá á ndéanamh ag soithí an Aontais in uiscí tríú tíortha, mar a leagtar amach in Airteagal 31 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 lena mbunaítear an comhbheartas iascaigh. Comhlíontar na forálacha sin chomh maith leis na forálacha sin maidir le cúnamh airgeadais do thríú tíortha a leagtar síos in Airteagal 32 den Rialachán sin.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2021, rinne an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar Phrótacal 2017-2021 a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh le hOileán Mhuirís chomh maith le meastóireacht *ex ante* ar athnuachan a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an bPrótacal.

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht ar Phrótacal 2017-2021 gur chomhlánaigh sé na socruithe rochtana eile a bunaíodh sa réigiún, lena gceadaítear do shoithí an Aontais saothrú stoc imirceach a bharrfheabhsú laistigh de na rialacha réigiúnacha arna leagan síos ag an

gCoimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh. Bhí sé ábhartha do riachtanais pháirtithe leasmhara an Aontais toisc gur thug sé rochtain intuartha d'úinéirí long an Aontais ar limistéar iascaireachta táirgiúla ina bhfuil speicis spriocdhírithe flúirseach. Tugann rochtain ar uiscí Oileán Mhuirís deiseanna do chabhlach spiléireachta an Aontais atá lonnaithe in La Réunion limistéir iascaireachta a leathnú chuig uiscí comharsanachta. Bhí éifeachtaí socheacnamaíocha suntasacha dearfacha ag gníomhaíochtaí chabhlach tuinníní an Aontais in uiscí Oileán Mhuirís agus san Aigéan Indiach i gcoitinne ar Oileán Mhuirís, agus rinneadh ranníocaíocht airgeadais an Aontais a ailíniú a bheag nó a mhór leis na deiseanna iascaireachta a shaothraítear. Maidir le tacaíocht earnálach, tugadh faoi deara sa mheastóireacht gur cuireadh an clár chun feidhme le moilleanna agus gur cheart é a bheith d'aidhm ag clár um thacaíocht earnálach amach anseo, mar ábhar tosaíochta, cumas Oileán Mhuirís a neartú maidir lena oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, go háirithe na hoibleagáidí sin a bhaineann le breathnóireachtaí eolaíocha, sampláil gabhálacha agus cigireachtaí calafoirt. D'fhéadfadh clár um thacaíocht earnálach amach anseo cabhrú freisin leis an earnáil iascaireachta náisiúnta a fhorbairt trí thacaíocht a thabhairt d'iascairí ar mhionscála agus trí roinn leaththionsclaíoch a fhorbairt. Moladh sa mheastóireacht cuid den chistiú atá ar fáil a chur ar leataobh chun cúntóir teicniúil seachtrach a earcú chun cur chun feidhme an chláir um thacaíocht earnálach a chomhordú agus a éascú.

Ó thaobh an Aontais de, tá sé tábhachtach ionstraim a choinneáil ar bun lena gceadaítear dlúthchomhar earnálach le tír ar príomh-chomhpháirtí eacnamaíoch í, soláthróir táirgí éisc chuig an Aontas, páirtithe leasmhara ar an ardán idirnáisiúnta agus a bhfuil meánna aici ina bhfuil suim ag cabhlach an Aontais.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar chuid den mheastóireacht, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe tionscail agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta, chomh maith le riarachán iascaigh agus sochaí shibhialta Oileán Mhuirís. Reáchtáladh comhairliúcháin freisin laistigh den Chomhairle Chomhairleach um Iascach Fadraoin. Mar thoradh ar na comhairliúcháin sin, thángthas ar an gconclúid go rachadh sé chun tairbhe an Aontais Eorpaigh agus Oileán Mhuirís Prótacal nua a ghabhfadh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh a thabhairt i gcrích.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D'úsáid an Coimisiún comhairleoir neamhspleách le haghaidh na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante*, i gcomhréir le forálacha Airteagal 31(10) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 lenar bunaíodh an comhbheartas iascaigh.

- **Cearta bunúsacha**

Sa Phrótacal a caibidlíodh, cuimsítear clásal a bhaineann le hiarmhairtí na sáruithe ar na gnéithe riachtanacha d'Airteagal 9 de Chomhaontú Cotonou, gnéithe a bhaineann le cearta daonna, nó den Airteagal comhfhreagrach sa Chomhaontú a thiocfaidh i gcomharbas ar Chomhaontú Cotonou.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon tionchar ag an dréacht-Rialachán ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá an nós imeachta seo á thionscnamh i gcomhthráth leis na nósanna imeachta a bhaineann leis an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Oileán Mhuirís, agus leis an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir lena thabhairt i gcrích. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo a luaithe is féidir gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh faoin bPrótacal, i.e. ón dáta sínithe lena gcuirfear i bhfeidhm go sealadach é.

2022/0248 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta faoin bPrótacal lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (2022-2026)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Eanáir 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/146/AE ón gComhairle[2] maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta).

(2) Sa chéad Phrótacal[3] a ghabhann leis an gComhaontú, leagtar amach, ar feadh tréimhse 3 bliana, na deiseanna iascaireachta a dheonaítear do shoithí an Aontais sa limistéar iascaireachta in uiscí Oileán Mhuirís agus an ranníocaíocht airgeadais arna deonú ag an Aontas. Chuaigh tréimhse chur i bhfeidhm an Phrótacail sin in éag an 27 Eanáir 2017.

(3) Sa dara Prótacal[4] a ghabhann leis an gComhaontú, leagtar amach, ar feadh tréimhse 4 bliana, na deiseanna iascaireachta a dheonaítear do shoithí an Aontais sa limistéar iascaireachta in uiscí Oileán Mhuirís agus an ranníocaíocht airgeadais arna deonú ag an Aontas. Chuaigh tréimhse chur i bhfeidhm an Phrótacail sin in éag an 7 Nollaig 2021.

(4) Údaraíodh comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Oileán Mhuirís le Cinneadh (AE) 2022/614 ón gComhairle[5], lena gcuirtear síneadh le cur i bhfeidhm an Phrótacail dheireanaigh go dtí an 4 Deireadh Fómhair 2022.

---

2 Cinneadh ón gComhairle an 28 Eanáir 2014 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (IO L 79, 18.3.2014, lch. 2).

3 Prótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (IO L 79, 18.3.2014, lch. 9).

4 Cinneadh (AE) 2018/754 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2018 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (IO L 128, 24.5.2018, lgh. 1–3).

5 Cinneadh (AE) 2022/614 ón gComhairle an 11 Feabhra 2022 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís a bhaineann le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear leis an gComhaontú

(5) An 28 Meán Fómhair 2021, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le hOileán Mhuirís chun Prótacal nua a thabhairt i gcrích chun an Comhaontú a chur chun feidhme.

(6) Mar thoradh ar an gcaibidlíocht sin, cuireadh inisealacha le prótacal nua le haghaidh tréimhse 4 bliana (dá ngairtear 'an Prótacal' anseo feasta) an 7 Bealtaine 2022.

(7) An […], ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2022/ . [AS cuir isteach fonóta] maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos déanaí[6].

(8) Ba cheart na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal a leithdháileadh i measc na mBallstát le haghaidh thréimhse iomlán a chur i bhfeidhm.

(9) Ba cheart an Prótacal a chur chun feidhme a luaithe is féidir i bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta Oileán Mhuirís agus i bhfianaise an ghá atá ann an tréimhse ama a bhaineann le cur isteach ar ghníomhaíochtaí den sórt sin a íoslaghdú a mhéid is féidir.

(10) Is ar bhonn sealadach a bheidh feidhm ag an bPrótacal ó dháta a shínithe chun go bhféadfaidh soithí an Aontais a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna amach.

(11)

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfar na deiseanna iascaireachta a bhunaítear faoin bPrótacal lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Oileán Mhuirís (2022-2026) a leithdháileadh ar na Ballstáit mar a leanas:

(1) 40 soitheach peas-saighne

– An Spáinn: 22 shoitheach

– An Fhrainc: 16 shoitheach

– An Iodáil: 2 shoitheach

(2) 45 bhád spiléireachta dromchla

– An Spáinn: 12 shoitheach

– An Fhrainc: 29 soitheach

– An Phortaingéil: 4 shoitheach

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón […].

---

Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís, ST/5656/2022/INIT, (IO L 115, 13.4.2022, lgh. 43–44).

6 Cinneadh (AE) 2022/… ón gComhairle an … 2022 maidir le … (IO C [...], [...], lch. [...]).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*